# CINNEADH (AE) 2023/2075 ÓN gCOMHAIRLE

## an 25 Meán Fómhair 2023

## lena gceaptar beirt chomhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, arna moladh ag Poblacht na Fionlainne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 302 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/853 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint do na tograí ó rialtas na Fionlainne,

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(2) den Chonradh, tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa le bheith comhdhéanta d'ionadaithe d'eagraíochtaí fostóirí, fostaithe agus páirtithe eile atá ionadaíoch don tsochaí shibhialta, go háirithe i réimsí socheacnamaíocha, sibhialta, gairmiúla agus cultúrtha.

(2) An 2 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1392 ([2]) lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.

(3) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tagtha chun bheith folamh tar éis do Timo VUORI agus Janica YLIKARJULA éirí as oifig.

(4) Mhol Rialtas na Fionlainne Teppo SÄKKINEN, *Elinkeino- ja ilmastoasiantuntija, Keskuskauppakamari* (Saineolaí aeráide, Comhlachas Tráchtála na Fionlainne), agus Päivi WOOD, *Johtava asiantuntija, Elinkeinoelämän keskusliitto* (Príomhchomhairleoir beartais um Ghnóthaí AE, Cónaidhm Thionscail na Fionlainne, EK), mar chomhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas mar chomhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025:

— Teppo SÄKKINEN, *Elinkeino- ja ilmastoasiantuntija, Keskuskauppakamari* (Saineolaí aeráide, Comhlachas Tráchtála na Fionlainne),

agus

— Päivi WOOD, *Johtava asiantuntija, Elinkeinoelämän keskusliitto* (Príomhchomhairleoir beartais um Ghnóthaí AE, Cónaidhm Thionscail na Fionlainne, EK).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 15.

([2]) Cinneadh (AE) 2020/1392 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, agus lena n-aisghairtear agus lena n-ionadaítear an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 a glacadh an 18 Meán Fómhair 2020 (IO L 322, 5.10.2020, lch. 1).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
H. GÓMEZ HERNÁNDEZ